C/2025/3328

1.7.2025

**CINNEADH Ó BHIÚRÓ PHARLAIMINT NA HEORPA**

**an 5 Bealtaine 2025**

**lena leagtar síos na Rialacha maidir le coinníollacht agus maidir le dearbhú agus foilsiú chruinnithe bhainisteoirí na Parlaiminte le hionadaithe sainleasa agus le hionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha**

(C/2025/3328)

TÁ BIÚRÓ PHARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do Riail 25(2) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach ([1]),

— tar éis dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Dlí Pharlaimint na hEorpa, le Coiste Foirne Pharlaimint na hEorpa, leis an gCoiste um Chomhdheiseanna idir fir agus mná agus um Éagsúlacht i bParlaimint na hEorpa, agus le hOifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 11(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ceanglaítear ar institiúidí an Aontais an deis a thabhairt do shaoránaigh agus do chomhlachais ionadaíocha, trí bhealaí iomchuí, a dtuairimí a chur in iúl agus a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais. Thairis sin, le hAirteagal 11(2) CAE, ceanglaítear ar institiúidí an Aontais agallamh oscailte, trédhearcach agus tráthrialta a choimeád ar siúl le comhlachais ionadaíocha agus leis an tsochaí shibhialta.

(2) Foráiltear le hAirteagal 15(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), chun an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú, go bhfuil institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais lena gcuid oibre a sheoladh ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir.

(3) I dTeideal II de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([2]), leagtar síos cearta agus oibleagáidí oifigeach, ina leagtar amach go sainráite a n-iompar agus a ndualgais.

(4) Tá an Pharlaimint tiomanta dá hiomláine, dá neamhspleáchas agus dá cuntasacht a áirithiú, ar nithe iad atá bunriachtanach chun muinín shaoránaigh an Aontais i ndlisteanacht phróisis pholaitiúla, reachtacha agus riaracháin an Aontais a choinneáil. Ba cheart an tiomantas sin a thiontú ina cheanglais shonracha a mhéid a bhaineann le cruinnithe bhainisteoirí na Parlaiminte atá fostaithe go gníomhach in Ardrúnaíocht na Parlaiminte.

(5) Na hinstitiúidí is sínitheoirí le Comhaontú idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach ('IIA maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach'), tá gealltanas tugtha acu i leith 'na coinníollachta', arb ionann í agus an prionsabal faoina bhfuil clárú sa chlár trédhearcachta ina réamhchoinníoll chun go mbeadh ionadaithe sainleasa in ann gníomhaíochtaí cumhdaithe áirithe a dhéanamh. Cuireann na hinstitiúidí is sínitheoirí an prionsabal sin chun feidhme trí bhíthin cinntí aonair ar bhonn a gcumhachtaí maidir le heagrúchán inmheánach.

(6) Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal na coinníollachta maidir le cruinnithe sceidealta a bhaineann le gnó parlaiminteach a eagraítear idir ionadaithe sainleasa agus bainisteoirí i riarachán na Parlaiminte.

(7) Ba cheart cruinnithe sceidealta bainisteoirí le hionadaithe sainleasa agus le hionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha a bhaineann le gnó parlaiminteach a dhearbhú agus a fhoilsiú mar bhealach chun riarachán na Parlaiminte atá oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách a áirithiú.

([1]) IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj.
([2]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj.

(8) Tá gníomhaíochtaí agus comhlachtaí áirithe a liostaítear in Airteagal 4 de IIA maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach lasmuigh de raon feidhme an IIA sin agus, dá bhrí sin, níor cheart iad a chumhdach leis an sainmhíniú ar 'ionadaí sainleasa' sa Chinneadh seo.

(9) Saoránaigh an Aontais a thugann cuairt ar áitribh na Parlaiminte, achainígh, agus iriseoirí a ghlacann páirt i bpreasagallaimh nó i ngníomhaíochtaí faisnéise eile a eagraítear ar mhaithe leo, níor cheart iad a mheas mar 'ionadaithe sainleasa' mar a shainmhínítear sa Chinneadh seo. Ar an gcaoi chéanna, maidir le seisiúin faisnéise ghinearálta agus gníomhaíochtaí cumarsáide ó sheirbhísí na Parlaiminte a bhfuil sé mar aidhm leo teagmháil a dhéanamh le lucht pobal ina bhfuil iolraitheoirí, níor cheart iad a mheas mar chruinnithe sceidealta le hionadaithe sainleasa chun críocha an Chinnidh seo.

(10) I bhfianaise a thiomanta atá an Pharlaimint dá hiomláine, dá neamhspleáchas agus dá cuntasacht a áirithiú agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3], go háirithe Airteagal 5(1), pointe (a), de, ba cheart é a bheith indéanta ainmneacha na mbainisteoirí sin a bhfuil cruinniú sceidealaithe dearbhaithe acu faoin gCinneadh seo a fhoilsiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Chinnidh seo:

(a) ciallóidh 'bainisteoir' an tArdrúnaí, Ard-Stiúrthóir, Stiúrthóir, Ceann Aonaid, Ceann Oifige Idirchaidrimh nó Ceann Foirne, lena n-áirítear i gcáil ghníomhach;

(b) ciallóidh 'ionadaí sainleasa' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, nó grúpa, comhlachas nó líonra foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, a thagann faoi raon feidhme IIA maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach, agus é nó í i mbun gníomhaíochtaí cumhdaithe de bhun Airteagal 3 de IIA maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach, faoi réir na ndíolúintí le haghaidh gníomhaíochtaí agus comhlachtaí nach gcumhdaítear de bhun Airteagal 4 de IIA maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach;

(c) ciallóidh 'ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha' na hionadaithe uile, ar an leibhéal náisiúnta nó fonáisiúnta, ó thríú tíortha, a misin taidhleoireachta, a n-ambasáidí, a gconsalachtaí, a dtoscairí trádála, a n-eintitis tráchtála agus ionadaíochtaí eile;

(d) ciallóidh 'cruinniú sceidealta' cruinniú pleanáilte le hionadaithe sainleasa nó le hionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, ar an láthair nó go cianda, a socraíodh roimh ré, seachas, inter alia, teagmhálacha spontáineacha nó sóisialta agus rannpháirtíocht i ndíospóireachtaí poiblí, agus gan cruinnithe a bhíonn ar siúl i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin arna bhunú le CAE, le CFAE nó le gníomhartha dlí de chuid an Aontais a thagann faoi fhreagracht an bhainisteora, nó cruinnithe ar cuid iad de chlár comhlachta oifigiúil de chuid na Parlaiminte, a áireamh;

(e) ciallóidh 'coinníollacht' an prionsabal faoina bhfuil clárú sa chlár trédhearcachta ina réamhchoinníoll chun go mbeidh ionadaithe sainleasa in ann gníomhaíochtaí cumhdaithe áirithe a dhéanamh.

*Airteagal 2*

**Coinníollacht**

1. Beidh cruinnithe sceidealta a eagraítear idir ionadaithe sainleasa agus bainisteoirí i ndáil le gnó parlaiminteach coinníollach ar ionadaithe sainleasa a bheith cláraithe roimh ré sa chlár trédhearcachta.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an tArdrúnaí, nó an tUachtarán i gcás cruinnithe sceidealta de chuid an Ardrúnaí, a chinneadh go bhféadfar cruinniú sceidealta a reáchtáil le hionadaí sainleasa gan clárú a dhéanamh sa chlár trédhearcachta i gcás ina gcuirfeadh an clárú beatha, iomláine choirp nó saoirse duine aonair i mbaol nó i gcás ina bhfuil cúiseanna láidre eile ann gan é a chlárú.

[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

*Airteagal 3*

**Cruinnithe a dhearbhú agus a fhoilsiú**

1. Déanfaidh bainisteoir gach cruinnithe sceidealta a dhearbhú a bhaineann le gnó parlaiminteach le hionadaithe sainleasa agus le hionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha ina bhfuil sé nó sí rannpháirteach.

2. Déanfaidh bainisteoirí na dearbhuithe dá dtagraítear i mír 1 tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis don chruinniú sceidealta tarlú. Déanfar iad trí úsáid a bhaint as ríomhfhoirm thiomnaithe arna soláthar ag an bParlaimint. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa ríomhfhoirm sin:

(a) ainm agus ról an bhainisteora;

(b) ainm na heagraíochta nó feidhm nó leasanna an duine nó na ndaoine ar buaileadh leo, gan na daoine sin a shainaithint lena n-ainm;

(c) dáta agus ionad an chruinnithe;

(d) an gnó parlaiminteach (tuarascáil, tuairim, rún, díospóireacht sa suí iomlánach nó práinn) lena mbaineann an cruinniú.

3. Foilseoidh an Pharlaimint an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2.

4. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, cruinniú sceidealta a chuirfeadh beatha, iomláine choirp nó saoirse duine aonair i mbaol dá nochtfaí é nó cruinniú sceidealta a bhfuil cúiseanna láidre eile ann ina leith le rúndacht a choinneáil, déanfar é a dhearbhú, ar bhealach iomchuí tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis don chruinniú tarlú, don Ardrúnaí nó, i gcás cruinniú sceidealta de chuid an Ardrúnaí, don Uachtarán. Ansin, cinnfidh an tArdrúnaí nó, i gcás inarb infheidhme, an tUachtarán an dearbhú sin a choinneáil faoi rún nó é a fhoilsiú ina iomláine nó i bhfoirm anaithnid, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn moillithe.

*Airteagal 4*

**Meastóireacht**

Déanfar meastóireacht ar chur chun feidhme an Chinnidh seo 2 bhliain ar a dhéanaí tar éis a theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 5*

**Grúpaí Polaitiúla**

Féadfaidh grúpaí polaitiúla a chinneadh an Cinneadh seo a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis*, ina iomláine. Tar éis fógra chuige sin a thabhairt don Ardrúnaí, cuirfidh an Pharlaimint na saoráidí teicniúla is gá ar fáil.

*Airteagal 6*

**Teacht i bhfeidhm agus foilsiú**

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2025.

2. I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de IIA maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach, cuirfear an Cinneadh seo ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an chláir trédhearcachta.

3. Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.